Cumann Gaeilge na hAstráile

Bi bródúil as do theanga

An Fhuinneog Ghaelach

Cumann Gaeilge na hAstráile

Earrach 2015
1-09-2015

I nDáiríre, Fear den Phobail

Dia dhaoibh a chairde go léir agus fáilte go dtí mo chéad phíosa don Fhuinneog Ghaelach mar Uachtarán Cumann Gaeilge na hAstráile. Is go tromchroíoch, ár nuacht a thosú le bás ár gcara Uinsionn Ó Gormáin.

Tháinig Uinsionn go dtí na ranganna go minic agus bhí sé ina bhall den Choiste fadó. Chuir an Coiste nua fáilte roimhe ag ár gcéad cruinniú i mí Iúil, agus bhí smaoineamh aige póstaeir a léiriú - na liricí d' amhráin náisiúnta na hÉireann agus na hAstráile i mBéarla agus i nGaeilge. Ghlac an Coiste leis agus beidh siad le fáil ag gach duine a fhoghlaimíonn Gaeilge.

D'fhreastail sé ar an Daonscoil gach bliain.

Cronóimid é agus é ag canadh "The Mountjoy Hotel' agus "The Oul' Triangle". Go n-éirí an bóthar leat, a Uinsionn.

Tá rang deireanach an téarma ag teannadh linn go gasta! Breathnóimid ar "1916 Seachtar na Cásca: Patrick Pearse" (le grán rósta!) le fotheidil i mBéarla– An Chéad Urlár den Celtic Club, 7:30 pm Dé Máirt 15ú Meán Fómhair.

Beidh fáilte roimh do chairde freisin!

Táim ag tnúth le m'uachtaránacht agus bualadh libhse go léir. Má tá aon mholtaí, ábhar ghearáin nó comhghairdeas agat, labhair liom nó le haon duine ón gCoiste a toghadh chun seirbhís a dhéanamh daoibh.

Ceallaigh Nic Mheanamin

Key Dates for Sept — Dec 2015

15th Sept	Last night of term 3, film show upstairs in Celtic Club
6th Oct	First class of term 4
31st Oct	Deadline for Early-bird discount at Scoil Teanga 2016
3rd Nov	Melbourne Cup holiday, no class
15th Dec	Xmas party and end of term 4

Information given here about term dates is for students in Victoria only and Interstate students should check with their local teacher.

www.gaeilgesanastrail.com

San Eagrán Seo..

Focal ónár n-Uachtarán	1
Key dates for your diary	1
TEG i Sydney 2016	2
MA / Dioplóma Iarchéime	3
Scoil Teanga Organisers	4
Lig dom mé féin a chur in aithne	5
RIP Vincent	6
Important notice, Gaeilge sna SAM	7
Special Insert - Scoil Teanga	

Irish Language classes each Tuesday during school terms 7:30 pm in the Celtic Club Melbourne

TEG i Sydney 2016

From: Aisling NiBheachain [mailto:Aisling.NiBheachain@nuim.ie]
Sent: Friday, 14 August 2015 12:04 AM

Subject: TEG A1 in Sydney 2016

A chairde,

Táim fíorshásta a chur in iúl daoibh go bhfuil sé i gceist ag Ionad na dTeangacha, Ollscoil Mhá Nuad, Scrúdú TEG Bonnleibhéal 1 (A1) a reáchtáil i Sydney den chéad uair i mí an Mheithimh 2016. Is é an 10 Meitheamh an dáta atá roghnaithe toisc an scoil gheimhridh a bheith ar siúl i Sydney an deireadh seachtaine sin. Tá súil agam go mbeidh an córas cláraithe agus íocaíochta ar oscailt daoibh i mí Mheán Fómhair agus cuirfidh mé in iúl daoibh é ar ríomhphost chomh luath agus a bheidh sé seo réidh.

Idir an dá linn, bígí ag féachaint ar an eolas agus freagraí ar cheisteanna coitianta atá ar fáil ar shuíomh TEG ar **www.teg.ie**

nó déan cairdeas linn ar Facebook

www.facebook.com/teastaseorpach.gaeilge.

Beimid ag súil le bualadh libh in 2016.

The Language Centre at Maynooth University is delighted to announce that the TEG Bonnleibhéal 1 (A1) Irish language exam will be held in Sydney for the first time in June 2016. The 10 June has been chosen as the official Australian exam date as the Irish winter school will also take place in Sydney that weekend. We hope that the registration and payment system will be open for you in September and I will let you know by email as soon as it's up and running.

In the meantime, go to **www.teg.ie** *for useful information and answers to FAQs or connect with us on Facebook,*

www.facebook.com/teastaseorpach.gaeilge

We look forward to meeting you in 2016.

Le gach dea-ghuí,

Aisling

Hello friends and welcome to my first piece for An Fhuinneog Ghaelach as President of Cumann Gaeilge na hAstráile. It is with a heavy heart I start our news with the passing of our friend Vincent O'Gorman.

Vincent came regularly to classes and was a former member of the Committee. This new Committee welcomed him to our first meeting in July, where he had an idea to produce posters. In both Irish and English, they will be the lyrics of Ireland and Australia's national anthems. The Committee accepted and these will be produced for all learners of Irish. Vincent attended the Irish Language Summer School (Daonscoil) every year. He, and his singing of "The Mountjoy Hotel' and "The Oul' Triangle", will be missed. May the road rise to meet you, Vincent.

We are rapidly approaching the final class of term! We will watch "1916 Seachtar na Cásca: Patrick Pearse" (with popcorn!) - First Floor of the Celtic Club, 7:30 pm on Tuesday 15 September. With English subtitles. Friends welcome too!

I look forward to meeting all members over the course of my presidency. If you have suggestions, complaints or compliments, talk to me or any member of the Committee, which was elected to serve you.

Kelley

Coming up in our next issue .....

- Mark reflects on his 3 years working in Indonesia and how a touch of Gaeilge smoothed out a difficulty with local etiquette
- Why are some languages harder to learn than others and how long will it take to become fluent ?
- Miriam writes about her memories of Vincent as a true Dubliner
- AGM 2015 report

MA / Dioplóma Iarchéime (Léann Teanga)

We know that our students are always looking for challenging ways to improve their Irish. If you have some spare time and plenty of spare cash then check out this postgraduate course. It would look quite good on your CV !

Cód PAC GYA94

Fad an chúrsa Dhá bhliain (tríd an bhfoghlaim chumaisc). Lena chois sin, is féidir tabhairt faoin gclár seo ar bhonn modúil i.e. modúil faoi leith a roghnú, gan an cúrsa iomlán a dhéanamh.

Líon áiteanna atá ar fáil20

Dáta Tosaithe 7 Meán Fómhair 2015

Aidhm Oiliúint i ngnéithe den Léann Teanga a chur ort le go mbeidh ar do chumas feidhmiú go gairmiúil trí Ghaeilge, in earnálacha éagsúla.

Cur síos ar an gclár Tríd an bhfoghlaim chumaisc, in imeacht dhá bhliain, a chuirtear an MA/Dioplóma Iarchéime (Léann Teanga) ar fáil. Meascán a bheidh ann de chianfhoghlaim (teagasc tríd an idirlíon) agus ceardlanna míosúla ar champas na hOllscoile.

Cuirfear oiliúint ort i ngnéithe tábhachtacha den Léann Teanga. Áirítear orthu sin **Cruinnscríobh na Gaeilge** (ardchruinneas i scríobh na Gaeilge; léargas ar an téarmeolaíocht, mar aon le ceartúsáid uirlisí foclóireachta agus téarmaíochta), **Modheolaíochtaí Taighde** (modheolaíochtaí le haghaidh taighde iarchéime), an **Scríbhneoireacht Acadúil** (mar a mbeidh deis agat iris acadúil phiarmheasúnaithe ar líne a ullmhú), mar aon le gnéithe den **Chumarsáid Ghairmiúil** – straitéisí agus uirlisí éagsúla a úsáidtear chun cáipéisí gairmiúla ar ardchaighdeán a chur i gcrích agus a chur i láthair. Lena chois sin, beidh deis agat speisialtóireacht a dhéanamh i gceann de na sainábhair seo a leanas:

Aistriúchán: Sa sainábhar seo, scrúdófar na modhanna is éifeachtaí chun téacsanna a aistriú go Gaeilge. Cíorfar na cineálacha téacsanna is mó a mbíonn aistritheoirí gairmiúla ag plé leo agus na dúshláin is suntasaí a bhaineann leis an nGaeilge mar sprioctheanga aistriúcháin. Beidh béim ar theicneolaíocht an aistriúcháin chun go mbeidh do chumas aghaidh a thabhairt ar an margadh fostaíochta agus na scileanna riachtanacha teanga agus teicneolaíochta araon sealbhaithe acu.

Pleanáil Teanga: Sa sainábhar seo, scrúdófar na coincheapa agus na beartais is nua-aimseartha sna réimsí éagsúla a thagann faoi scáth na pleanála teanga: an tsochtheangeolaíocht; an teangeolaíocht; an phleanáil straitéiseach. Tá an sainábhar seo dírithe ar dhaoine a bhfuil spéis acu i gcúrsaí teanga agus sna bealaí éagsúla ar féidir dul i bhfeidhm ar phobail teanga d'fhonn spriocanna sainiúla a bhaint amach. Breathnófar go mion ar ghnéithe a bhaineann leis an bpleanáil teanga sa chomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Riachtanais iontrála Bunchéim 2:2 ag leibhéal 8 nó 2:2 i gclár iarchéime i réimse gaolmhar, mar aon le caighdeán sásúil i scríobh na Gaeilge.

Is féidir le hiarrthóirí nach bhfuil na cáilíochtaí acadúla cuí acu, ach a bhfuil ar a laghad cúig bliana de thaithí ghairmiúil acu i réimse gaolmhar d'earnáil na teanga iarratas a dhéanamh faoi chóras na hOllscoile d'Aitheantas don Réamhfhoghlaim (RPL).

Deiseanna gairme Ullmhóidh an cúrsa seo thú chun tabhairt faoi ghairm in earnáil na teanga. I measc na n-eagraíochtaí a fhostaíonn mic léinn de chuid an ábhair seo, tá institiúidí an Aontais Eorpaigh, institiúidí aistriúcháin de chuid an Stáit, cuideachtaí príobháideacha aistriúcháin, údaráis áitiúla, eagraíochtaí forbartha de chuid an Stáit, institiúidí oideachais, eagraíochtaí pobail, srl.

Táillí €3,065 sa bhliain. (€6,625 sa bhliain i gcás saoránaigh neamh-AE)

Tuilleadh eolais **Eoin Ó Droighneáin**

An tAonad Aistriúcháin agus Ateangaireachta, Fón: +353 91 493366

Dorothy Ní Uigín Aonad na Gaeilge Feidhmí, Fón: +353 91 493493

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

R-phost: leannteanga@oegaillimh.ie **Idirlíon:** http://www.oegaillimh.ie/acadamh

Scoil Teanga Canberra 2016—ag teacht go luath !

Our travelling reporter managed to catch up with a representative of the Canberra Irish Language Association (CILA) who are busy organising this year's summer camp. Here's an update on what's happening and you can book now using the flyer enclosed with this newsletter.

Thanks for talking to us, Kaaren Sephton, can you firstly tell us about the weekly classes in Canberra.

Weekly classes are held at the Irish Club on Tuesday evenings (except for school holidays) at beginner level (6pm to 7pm) and higher conversation levels from 7pm. The conversation group at 7pm are led by a trained teacher. All interested speakers are welcome.

Is there a large Irish community in Canberra?

There is a dedicated small group of interested Irish speakers in Canberra. There is a larger group - Friends of Ireland, who have a broad range of members not all of whom are Irish language speakers. They meet at the Irish Club on a regular basis.

For those who may be new to the idea tell us what the Scoil Teanga in January is all about.

The inaugural Scoil Teanga Canberra 2016 is a long (Australia Day) weekend of Irish language and 'craic' (fun). For anyone who wants to improve their Irish speaking

The school is open to adults from across Australia:

- complete newcomers to the Irish language
- those who want to improve their Irish, for example those who learned it at school
- fluent speakers who want to meet to converse in Irish and to help others learn.

There are classes at different levels to suit the Irish language skills of the participants. Other Irish activities provide a break in a friendly atmosphere. These include the official opening, table quiz, guest speaker, concert, singing, tin whistle, music and dance. Informal sessions continue into the wee small hours. Come and join the fun.

Canberra 2016 promises to be new and exciting. Can you describe the venue and facilities.

Venue is the YMCA Bush Capital Lodge, 191 Dryandra St, O'Connor, ACT

Single rooms and bunk beds are available at the YMCA Bush Capital Lodge. Meals are provided from lunch Saturday through to breakfast on Tuesday. lunch, dinner and refreshments are provided.

The Scoil Teanga commences at 2pm on Saturday 23 January 2016 and finishes at 12 noon on Tuesday 26 January 2016

Registration is from 10am onwards on Saturday

How soon do students need to apply?

Applications are being taken now.

How many classes do you hope to have?

There are classes at five levels to suit the Irish language skills of the participants.

Level 1 (beginners) People with no prior knowledge of Irish or who have been studying for less than one year.

Level 2 (continuing) Students who have now completed level 1 or who have studied Irish at some earlier stage in the past, for example at school.

Level 3 (intermediate) Students who have been studying for at least two years and who are now approaching the conversation stage.

Level 4 (advanced) Generally, those who are comfortable for the entire lesson to be conducted in Irish.

Level 5 (conversation) Conversation group. It is anticipated that this group will be led by Barney Devlin.

If people want to spend a few extra days sightseeing what are the top attractions that you would recommend in Canberra ?

Canberra has the Australian War Memorial – always popular with visitors – displays are constantly being updated. Also the National and Portrait Galleries for art lovers. There is the National Museum of Australia for a trip through history as well as the Democracy Museum, markets and coffee shops.

Lig dom mé féin a chur in aithne

…….and finally Kaaren, how can interested students contact you with any queries about Scoil Teanga Canberra 2016 ?

Potential participants can contact myself on

0414 231 375 or kskaslester@gmail.com and the Secretary Sam Chester by email:

samantha_t_chester@yahoo.com.au

We have a Meetup site at

http://www.meetup.com/Canberra-Irish-Language-Meetup/

and a Web page almost completed. We can also be found on Facebook.

Thanks for talking to us Kaaren, look forward to catching up at Scoil Teanga in January

Tá fáilte romhat agus feicfimid sibh go luath !

Frank, Kaaren, Sam, Declan agus Frank ag obair go dian ar Scoil Teanga !

Our resident travel guru reports that ……

The first flight from Melbourne to Canberra on a Saturday in January is with Qantas at 8:35 and that will get you there in plenty of time for all the action !

Dia dhaoibh !

Is mise Aingeal Ní Dhálaigh as Glaschú san Alban. Tá mé im' chónaí san Astráil ó mhí Eanáir, 2013. Tháinig mé go dtí an tír seo le haghaidh oibre, mar thaighdeoir sa dlí agus teicneolaíocht nua ag Ollscoil Swinburne.

Le tamall anuas theastaigh uaim staidéar a dhéanamh ar na teangacha Goidelic, *Gaeilge na hAlban* nó *Gaeilge*. Cé gur Albanach mé, ba's Éire sinsir m'athar, cosúil len a lán daoine i nGlaschú.

Tar éis mo thráctas PhD a chríochnú le déanaí, bheartaigh mé dul i gceann ábhair nua staidéir, mar shampla na teangacha sin a fhoghlaim. Faoi láthair tá mé ag foghlaim na Gaeilge, de bhrí go bhfuil mé gnóthach ar an gCéadaoin nuair a bhíonn ranganna Ghaeilge na hAlban ar siúl!

Go dtí seo tá mé ag baint taitneamh as rang na tosaitheoirí le Dáithi, agus ag bualadh le daoine nua de gach aois nuair a bhíonn sos againn.

Hi there !

I am Angela Daly (Aingeal Ni Dhalaigh) from Glasgow in Scotland. I have been living in Australia since January 2013, I moved here for work, to start a job as a research fellow in law and new technology at Swinburne University.

For some time I have wanted to study one of the Goidelic languages, either Scots Gaelic or Irish. While I am Scottish, my father's side of the family has their roots in Ireland, like many other people from Glasgow.

I recently finished my PhD and decided to start some new activities, including learning one or both of these languages. But the real reason why I am studying Irish and not Gaelic at the moment is that I am busy on Wednesday evenings when the Scots Gaelic classes are running at the Celtic Club!

So far I have been enjoying the beginners classes with Daithi and meeting lots of new people of all ages during the tea breaks.

Angela

Uinsionn Ó Gormáin (1936-2015)

Bualadh buille fé dhó ar an gCumann i gcionn roinnt seachtainí atá díreach thart. I mBealtaine chailleamar Cathal Céitinn, fear a thug tacaíocht bhuan don Chumann i gcónaí; agus sa mhí seo chaite d'éag ár n-Uinsionn beag Ó Gormáin in aois a naoi déag is trí fichid, duine eile a d'fhan dílis daingean don Ghaeilge i rith a shaol.

Saolaíodh Uinsionn i gcathair Swift agus Joyce i 1936, ach ba leis an Ghaeilge a thug sé a dhílseacht ón lá a chuaigh sé ar scoil na mban rialta ar dtús agus ansin go dtí na Bráithre Críostúla.

Ina óige d'fhreastal sé ar ranganna Gaeilge i lár na cathrach agus bhí sé ina bhall den Chumann Céiteannaigh, b'é sin craobh Chonradh na Gaeilge ina raibh an poblachtachas ba láidre ó aimsir Chathal Brugha, Piaras Béaslaí, 'Sceilg' agus a leithéidí. Dá bhrí sin ní aon ionadh é gur Poblachtach Uinsionn ina aigne agus ina chroí.

Bhí a smaointe féin aige ar chúrsaí polaitíochta in Éirinn féin agus san Astráil chomh maith, agus é lán ábalta iad a léiriú do chách in airde a ghuth [ar ndóigh bhí an fear bocht cuibheasach bodhar sna blianta deireanacha].

D'oibrigh Uinsionn i bpoist éagsúla i rith a shaol, in Éirinn, i Londain agus, ó 1964 i leith, san am a bhuail sé port anseo i Melbourne. Déarfaí gur sa Queensland, le linn dó bheith ag obair sa tionscal shiúcra, a céad chur Uinsionn aithne ar shaol na gnáth-Astrálaigh agus ar inimircigh ó thíortha eile chomh maith, ach leis an bhfiche bliain is deireanaí ba bhall den lucht oibre le Telecom [murab ainm an ull-comhlucht poiblí sin tráth dá raibh] anseo i Melbourne a bhí sé, é ag obair mar ghiolla stórais agus é ina stíobhard nó mhaor sa cheardchumann, sula d'éirigh sé as ar fad.

Sea, tá Uinsionn imithe uainn, ach is fada a bheidh cuimhneamh air ag muintir na Gaeilge agus ag Éireannaigh i gcoitinne i Melbourne agus níos faide ó thuaidh sa tír seo. Bleá Chliathach go smior ab ea Uinsionn agus tuin na cathrach úd ar a chuid cainte agus ar a chuid amhrán, cuma Béarla nó Gaeilge a bhí á labhairt aige. Cheapfá gur díreach ón aerfort a tháinig sé cé go raibh sé san Astráil le níos mó ná leath chéad bhliain.

Ag dul isteach sa Celtic Club dom as seo amach beidh mé ag díriú mo shúile ar an mbord beag sa chúinne mar ba ghnáth liom, ach faraor, ní bheidh Uinsionn beag suite ann níos mó, pionta Guinness os a chomhair amach - Uinsionn in easnamh agus sinn go léir níos boichte ina éagmais. É sin ráite is iad muintir Uí Ghormáin go háirithe a bheidh thíos le cailliúint a dearthár, a n-uncail agus a seanuncail, gan trácht ar an slua mór a bhí i láthair ag an tsochraid i Springvale Cemetery. Taispeánadh é sna scéalta grinn mar gheall air a bhí ag a sheanchairde Muiris Ó Mórdha agus Siún Uí Mhaoldomhnaigh. Chomh maith le sin bhain gach duine a bhí ann taitneamh as a raibh le rá ina thaobh ag beirt nia Breandán agus Senán, agus as an teachtaireacht óna neach Treasa i Sasana; ba rí-soiléir an grá a bhí ag a mhuintir do 'uncle Vince'.

Cé a dheimhniú nach raibh an fear féin suite sa chúinne, a cheann ina leathlámh aige ag éisteacht agus an miongháire ar a bhéal i gcónaí. Slán go deo, a Uinsionn, ólfaimid gloine den leann dubh Bleá Cliathach i ndíl cuimhne ort.

Criostóir Ó Maonaigh

Reminder

The final night of third term is on Tues 15th September, so come up to level 1 in the Celtic Club where we will be showing videos . The main feature is an episode from the acclaimed historical TV series

Seachtar na Cásca

Need an extra booking form ?

Additional copies of this newsletter, including the Scoil Teanga booking form can be printed off from our website

www.gaeilgesanastrail.com

Important Notice To All Cumann Members

Your membership of Cumann Gaeilge na hAstráile does not include membership of the Celtic Club, but up to now the Club have treated us as a "corporate member" thereby allowing any of our own members to be on the premises without being signed in.

From July 2015 we have been advised by the Club that corporate membership no longer exists and that to be on the premises after that date you must be either -

- Celtic Club full member (cost $25 p.a.)
- Celtic Club social member (cost $10 p.a.)
- Guest who has been signed in by a full member

Note that social membership of the CC carries no privileges other than entry to the premises. So if you want cheaper prices at the bar you must become a full member. We encourage all our own members to become either full or social CC members.

If you do not do this you will need to be signed in to the building each week, otherwise you are unlawfully on the premises and could be asked to leave by the staff. If that happens we cannot help you.

To take out Celtic Club membership, either full or social, you must deal with the Club directly and pay them the appropriate fee when submitting your application. Membership forms are available in the bar and also online.

The Committee of Cumann Gaeilge na hAstráile, August 2015

Our googling Gaeilgeoirí have found another weekly Irish class. It's in Washington DC in the Chevy Chase Pavilion at 5335 Wisconsin Avenue. If you are ever in the area drop in for a chat *as Gaeilge.* Their website is at https://letslearnirish.wordpress.com/about/



Cumann Gaeilge na hAstráile Teo

IRISH LANGUAGE ASSOCIATION OF AUSTRALIA INC.

Cumann Gaeilge na hAstráile, the Irish Language Association of Australia is a not-for-profit organisation run entirely by volunteer tutors and a voluntary committee of management. The Cumann is non-political and non-sectarian. Its aim is to promote the Gaelic language as a second language within the Australian community, and to form networks with other cultural, heritage and Gaelic-speaking groups. Formally established back in 1992, the ILAA offers structured weekly language classes to students of all ages, nationalities, and walks of life, across a range of levels — absolute beginners, basic, intermediate, advanced — as well as the opportunity to practice and converse together in a supportive environment.

Members receive a quarterly newsletter; access to the library; and also enjoy weekly singing and informal conversation sessions; as well as participation in social events and residential language schools.

Irish Language Association of Australia Inc., 320 Queen Street, Melbourne VIC, 3000.

Use this form for renewal or change of details.

New members must complete the form available on our website www.gaeilgesanastrail.com

[ ] Renewal [ ] Update

Sloinne .....
(surname)

Céad ainm .....
(first name)

Seoladh .....
(address)

.....

Guthán bh) .....
(phone)

ah) .....

Fón .....
(mobile)

Ríomhphost .....
(email)

Membership fee is $40 per annum and due each January. Class fee is $4 per week.